" Sin é do dhoras,
Dún Chaoin fé sholas
an tráthnóna,
Buail is osclófar,
D'intinn féin is do
chló ceart."

- Fill Aris le Seán Ó Riordáin

Ionad Foghlama Nua

Fáilte roimh thuairimí ón bpobal maidir le cúrsaí/ceardlanna a d'fhéadfaí a chur ar fáil san Ionad Foghlama.

Teagmháil le
Caitríona Budhlaeir/ Aoife Ní Shéaghdha
Bainisteoir/ Teagascóir Dhún Chíomháin
c.budhlaeir@ucc.ie
aoife.nisheaghdha@ucc.ie
Fón: 066 9156136

Ionad na Gaeilge Labhartha

Dún Chíomháin

Ionad Ollscoile Gaeltachta, Coláiste na hOllscoile Corcaigh

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Dún Chiomháin

Is lárionad Ollscoile de chuid Choláiste na hOllscoile Corcaigh é Dún Chiomháin atá suite i gcomharsanacht Bhaile an Fheirtéaraigh in Iarthar Duibhneach, Co. Chiarraí. Is ceantar láidir Gaeltachta é Corca Dhuibhne agus meallann áilleacht na háite mar aon leis an teanga agus an cultúr daoine chun na dúthaí ó chian agus ó chóngar. Tá Dún Chiomháin ag feidhmiú mar ionad ollscoile sa cheantar ó 1974 i leith. Bhíodh halla Dhún Chiomháin, nó Hall Cheaibhin mar ab fhearr aithne air, ina halla rince agus pictiúir do mhuintir an pharóiste ag dul siar i bhfad. Is mó cuimhne atá i measc an phobail fós ar an nDún nuair a bhíodh sé ag Seán Cheaibhin ós na Gorta Dubha agus a bhean Neili, siopa, tigh aoíochta agus halla rince agus pobail. Anois tá an halla athchóirithe agus é ina ionad foghlama le háiseanna teicneolaíochta ar ardchaighdeán.

Freastalaíonn Dún Chiomháin ar phobal Choláiste na hOllscoile Corcaigh, ar phobal Chorca Dhuibhne, ar cheantair Ghaeltachta na Mumhan agus ar phobail lasmuigh den Ghaeltacht go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Áiseanna

> Lóistín ar stíl brú do 18 duine (2 nó 3 i ngach seomra)
> Cistin nua-aimseartha
> Seomra bídh
> Seomra suite/leabharlann
> Árasán tánfheistithe atá in oiriúint do chathaoir rotha
> Ionad foghlama ina bhfuil staisiúin oibre ríomhaireachta agus áiseanna físchomdhála
> Leathanbhanda snáthoptaice Iúil 2018
> Seomra Seimineáir/léachta
> Carrchlós agus áit chun suí amuigh

Cúrsaí/seirbhísí ar fáil i nDún Chiomháin

> Seimeastar Gaeltachta do mhic léinn Ghaelainne Choláiste na hOllscoile Corcaigh, tosnú Meán Fómhair 2018
> Sainchúrsaí Gaelainne agus cultúir do ghrúpaí náisiúnta agus idirnáisiúnta
> Cúrsaí deireadh seachtaine Gaeltachta do mhic léinn Choláiste na hOllscoile Corcaigh
> Scéim na dTeaghlach i rith an tsamhraidh do fhoireann Choláiste na hOllscoile Corcaigh chun an Ghaelainn a chur chun cinn i measc fhoireann na hOllscoile
> Léachtaí sa litríocht, sa chultúr agus sa stair áitiúil i gcomhar le hOidhreacht Chorca Dhuibhne don phobal áitiúil
> Dioplóma Ollscoile sa Ghaelainn do phobal Chorca Dhuibhne - Meán Fómhair 2019
> Ionad comhdhála/seimineáir ar fáil don phobal
> Ionad taighde agus staidéir ar fáil don phobal